Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Aibreán 2024**
**(OR. en)**

**8207/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0361(COD)**

**CODEC 911**
**TRANS 179**
**AVIATION 68**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 80/2009, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe i réimsí an iompair de bhóthar agus na heitlíochta **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 17 Deireadh Fómhair 2023, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagail 91 agus 100(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 13 Nollaig 2023[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a eisiúint.

4. An 13 Márta 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún[3]. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú ar tháinig na hinstitiúidí air maidir leis an togra ón gCoimisiún a ghabháil chuici féin le mionathruithe agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis.

[1] 14445/23.
[2] IO C, C/2024/1589, 5.3.2024.
[3] 7537/24.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, mar a leagtar amach in PE-CONS 26/24 mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.